Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020

An Chéadaoin: Lá na Seantuismitheoirí: Maireachtáil go Sítheach leis an Uile Ghlúin

29 Eanáir 2020

Déantar an Chéadaoin a ainmniú mar Lá na Seantuismitheoirí i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Déanann pobal na scoile ionchur na seantuismitheoirí a cheiliúradh ar an lá sin. Cabhraíonn na seantuismitheoirí le tógáil agus le hoiliúint na ngarpháistí ar bhealach suntasach. Is féidir leo cabhrú go mór leis an gcreideamh Críostaí a thabhairt ar aghaidh don ghlúin óg. Ba cheart go mbeimis buíoch ó chroí as an gcion oibre a dhéanann siad.

Nóta: Bíodh múinteoirí aireach faoi na cúrsaí seo a phlé má bhíonn daltaí ann ar cailleadh seantuismitheoirí leo le déanaí, nó má tá páistí ann atá scartha ar bhealach éigin ó na seantuismitheoirí. Is féidir le rang ar bith na gníomhaíochtaí a dhéanamh ag leibhéal áirithe. Roghnaigh an ghníomhaíocht a oireann do do rang féin.

Gníomhaíochtaí

Is bronntanas ar leith inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire dúinn agus muid ag fás, agus is múinteoirí tábhachtacha inár saol iad chomh maith. Ba cheart go mbeadh meas againn orthu, agus an aire agus an urraim a léiríonn siad inár leith a thabhairt ar ais dóibh.

Portráid: Mamó, agus/nó Daideo agus Mise

Tabhair spreagadh do na daltaí le portráid dhaite a tharraingt a léiríonn seantuismitheoir/ seantuismitheoirí agus iad féin ar ócáid shonasach a chaitheadar lena chéile.



Cárta Buíochais

Tabhair spreagadh do na daltaí cárta buíochais a dhearadh do na seantuismitheoirí, a dhéanann ceiliúradh ar an tionchar dearfach a bhíonn acu ar ár saol. Bronn an cárta orthu, nó cuir sa phost chucu é.

Cuimhne Speisialta

Tabhair spreagadh do na daltaí am speisialta a thabhairt chun cuimhne a roinneadar leis na seantuismitheoirí. Iarr orthu nóta a scríobh faoin am sin, lena roinnt leis na seantuismitheoirí. Más rud é gur cailleadh seantuismitheoir le dalta ar bith, iarr orthu ceist a chur sa bhaile maidir leis an saghas duine a bhí sa seantuismitheoir sin.

Paidir

Scríobh paidir bhuíochais ar mhaithe leis na seantuismitheoirí.

Tionscadal

Déan nasc leis an gcuraclam OSIE - Stair, agus iarr ar na daltaí labhairt leis na seantuismitheoirí agus stair bheag dá saol a scríobh. Mura mbíonn deis ann labhairt leis na seantuismitheoirí féin, iarr orthu labhairt lena gcuid tuismitheoirí nó le gaolta eile le stair na seantuismitheoirí a iniúchadh. Seans go bhféadfaí teacht ar ghrianghraif de na seantuismitheoirí mar pháistí, ar an lá pósta, nó leis na daoine óga iad féin, fiú. D'fhéadfadh na daltaí póstaer a chruthú a thugann léargas ar an tionchar uathúil a bhí ag na seantuismitheoirí ar a saol féin agus ar shaol an teaghlaigh.

Cuairt ó na Seantuismitheoirí

Tabhair cuireadh do na seantuismitheoirí teacht ar scoil. Cuir fáilte rompu isteach, agus taispeáin saothar ealaíne na bpáistí dóibh. Déan ceolchoirm bheag a reáchtáil dóibh, más féidir. Is breá leis na seantuismitheoirí an dul chun cinn a dhéanann na páistí ar scoil a thabhairt faoi deara, agus ba bhreá leo cuireadh chun na scoile a fháil.